Cill Dara ag Corraí Suas

An ċéad craoḃ ó 1928.

Cill Dara 2-11. Corcaiġ 1-7.

I gcluiċe a raiḃ i ḃfad níos fearr ná an cluiċe ceannas idir Gaillim agus Ciarraí ḃain Cill Dara cluiċe ceannas na h-Éireann (bliain is fiċe) nuair a ḃuail siad Corcaiġ 2-11 go 1-7. Ba é an ċéad ċraoḃ a ḃain Cill Dara ó 1928 agus cuir siad sompla os comair an 18.000 daoine a ḃí ansin naċ raiḃ le feiceáil le fada.

Ní raiḃ mórán idir an dá ḟoirinn go dtí an triú ceaṫrú agus nuair a ḃí trí ḃomaite déag den dara leaṫ caite, ḃí an dá ḟoirinn leiḃéal, agus deiċ mbomaite roiṁ an deireaḋ ní raiḃ aċ cúilín aṁáin eatarru. Aċ do réir mar a ḃí an deireaḋ ag teaċt ḃí sé le feiceáil go mbéaḋ an bua ag Cill Dara. Ḃí tuigsint agus scill ní ba aoirde ins na tosaiġ agus nuair a ṫosaiġ siad ag obair ní raiḃ freagra ar biṫ ag Corcaiġ. Aċ coṁ maiṫ is a ḃí Cill Dara is féidir an loċt a ċur ar foireann Ċorcaiġ, go h-áiṫrid na fir tosaiġ. Sa dara ḃomaite ċaill Ó Néill cúl nuair a ċur sé an liaṫroid ṫar an líne ar foraoil agus é díreaċ os coṁair na mbairí.

Do Ċill Dara d'imir Tomás De Carrún, N. Ó Beacáin go maiṫ ins na tosaiġ agus Seán Ó Donnġaile i lár na páirce.

Do Ċorcaiġ d'imir Miċeál Ó Loċlainn go maiṫ, ins na tosaiġ agus fuair sé cuidiú maiṫ ó B. Ó Néill agus B. Ó Caoiṁ.

Do Ċill Dara fuair S. Ó Donnġaile (2-3), P. Ó Dúnaiġ (0-3). T. De Carún (0-2), C. Ó Ceallaiġ (0-2), T. Ó Ceoiġ (0-1). Do Ċorcaiġ fuair E. Ṗilpott (0-4); B. Ó Caoiṁ (1-0), B. Ó Néill (0-2) agus D. Ó Loċlainn (0-1).

Longport Ró Ṁaiṫ do Sligeaċ

Longṗort 3-10; Sligeaċ 0-10.

Ḃain Longport comórtas an "Gaelic Weekly" nuair a ḃuail siad Sligeaċ 3-10 go 0-10 i gcluiċe ina raiḃ caiġdeán ard peil ann. Cé naċ raiḃ na coinníollaċa imearta ró-ṁaiṫ níor ċuir sé isteaċ ar ḟoirinn Longport in aon slí. Cuir siad suas caiġdeán a ṫugann comarṫa do na foirne eile go mbéaḋ sé deacair go leor bua a ḟáil orṫa ins an Sraiṫ Comórtas Náisiúnta.

Ḃí tuigsint ní b'ḟearr acu agus scill naċ mar a ḃí ag Sligeaċ cé gur ċaill Sligeaċ dá ċúil sa ċéad deiċ mbomaite nuair nár ġlac siad dá ṡeans a fuair siad. Sé an loċt a ḃí ar Ṡligeaċ gur imir siad cluiċe aonar in áit imirt mar aonaid aṁáin díreaċ mar a rinne Longport.

Do Longport d'imir Séamas Ó Floinn agus Séamas Donnġaile, go maiṫ i lár na páirce agus S. Ó Donnġaile, B. Ó Beirn, S. Ó Muireaḋaiġ ins na tosaiġ agus S. Ó Doṁnalláin agus Bernard Ó Bardún ins na cúil.

Do Sligeaċ d'imir P. Ó Cane, S. Cillórán, Caṫal Mac Aṁlaiġ, ins na cúil agus Miċeál Ó Ciaráin agus Miċeál Ó Dúrcáin ins na tosaiġ.

Do Longport fuair B. Ó Beirn 2-4; S. Ó Muireaḋaiġ 0-2; M. Ó hÓgáin 1-0. S. Nanafaí 0-2, S. Ó Donnġaile 0-1.

Do Ṡligeaċ fuair M. Ó Ciaráin 0-8, M. Ó Durcáin 0-1, agus D. Mas Aoiḋ 0-1.

bun os cionn

"Caill m'aṫair mór cos ag Waterloo!" "Maise, níor aṫraiġ sé mórán ó ṡoin. Caill mise mo ċleiṫe golf ansin i mbliana.

Cluiċe Géar Fuinniúl

Ní raiḃ loċa ar fáil ar Acaill insan cluiċe a d'imir siad i gcoin-ne Beannċor Dé Doṁnaiġ, nuair a ḃuaiġ siad le scór

Acaill 4-8; Beannċor 1-6.

Ḃí siad láidir agus fonn gnóṫa orṫa, mar bíos ar Oileán Acla i gcónaí, agus léiríoḋ sin go soiléir ag Páirc Ṁic Éil, Caisleán a' Ḃarraiġ nuair a ḃuaiġ siad go h-éasca ar Ḃeannċor. i gcluiċe leaṫ-ċeannais sóisearaċ Ṁuigeo.

Ní raiḃ an ċluiċe féin ró ṁaiṫ. Níor ḟéaċ sé ró ṁaiṫ do Ḃeannċor go ndeaċa an liaṫróid trí h-uaire isteaċ go dtí na cuaillí insan leaṫ deireanaċ, agus ba easpa cleaċtaiḋ agus scil a ba ċúis leis gaċ uair. Ní raiḃ muintir Beannċor aċ trí ṗointe ar gcúl ag leaṫ ama i gcoinne séideán géar gaoiṫe, agus ḃí cuma air go raiḃ seans acu insan dara leaṫ. Ṫosaiġ siad go maiṫ, aċ i gceann deiċ noiméidí, ċaill siad gaċ seans dá raiḃ acu, nuair a ċuaiġ cúl isteaċ ó Seán S. Ó Ceallaiġ, agus Seán Ó Rudaiġ dá ṫreorú isteaċ insan eangaċ. Ag deireaḋ an ċéad ċeaṫrú den dara leaṫ ċuaiġ an dara cúl isteaċ agus ní raiḃ cluiċe ar biṫ ann ó sin amaċ.

Insan fiċe cúigiú nóiméad. riṫ Pádraic Cillḃán, ó'n "40", suas an ṗáirc ar ionsaí aonair, agus ċuaiġ sé fríd scata de na cosantóirí agus ó 15 slat amaċ, ṗléasc sé an liaṫróid isteaċ san eangaċ. Ba é seo an séala deireanaċ ag Acaill ar an ċluiċe.

Ḃí foireann Acla níos cleaċtaiṫe, agus níos traenáilte, agus stíl níos fearr acu. Cé go raiḃ muintir Ḃeannċor maiṫ. ḃí siad ag seasaṁ ar a gconlann féin barraíoċt, agus gan cleaċtaḋ fóirne go leor acu. Sa ċéad leaṫ-uair ab' fearr iad. Níor éiriġ leo scóranna ḟáil óna h-ionsaiṫe aonair.

Pádraic Cillḃán, mar lánċúl a ḃí ina ċarraiġ nirt do foireann Acla, agus caḃair maiṫ dá ḟáil aige ó Miċeál English agus T. Mac Caiṗeartaiġ, mar leaṫ-lár.

Scoiṫ Foireann ag Tírċonaill

bua éasca ar Fearmanaċ

Ċruṫaiġ Tírċonaill Dia Doṁnaiġ nar ṁill mí-tapaḋ na bliana seo iad agus go ḃfuil fós aḃar foirne acu a dtig leo súil a ċaiṫeaṁ bealaċ Ṗáirc an Ċróċaiġ.

Ḃuaiġ siad go héasca ar Ḟearmonaċ cé go raiḃ am ann ag tús an dara leaṫ nuair a ḋeallraiġ sé go ḃféadfaḋ Fearmoaċ leagan a ḃaint asta.

Aċ ḃí an t-áḋ orṫa naċ raḃ acu le Caḃán sa craoḃ ċluiċe ⁊ ḃain siad go héasca. San am ċéanna ní raḃ an cluiċe coṁ leaṫ taoḃaċ agus ċeapfá ón scór —Dún na nGall 4-7; Fearmonaċ 1-6.

Déanta na fírinne maraċ an liaṫróid a ḃuail Antoin Ó Cearḃail ċun na gcuaillí agus ar liġ coiméadaí Fearmonaċ do go truataċ preaḃaḋ ċun na h-eangaí ní fios caidé mar raċaḋ le friṫ ionsaí Fearmonaċ. Ní raḃ siad aċ cúl aṁáin ar deire ag an pointe seo sa dara leaṫ agus iad indiaiḋ a ḋá oiread sin a tarraċ suas ó ṫosnaiġ an dara leaṫ agus ḃí idir foireann agus tacadóirí ag bioḋgaḋ ċun bua. Aċ ḃain an cúl seo an croí asta ar fad agus ḃí a mbealaċ féin ag Tírċonaill ar an cluiċe na ḋiaiḋ sin.

Aċ ní sin le rá naċ ṫuill Tírċonaill. Ṫuill agus ard molaḋ agus dá mbeaḋ níos mó os a gcoinne beaḋ siad ábálta do fosta. D'imir gaċ duine den foireann go maiṫ agus níos taḃaċtaí arís d'imir siad go heagraiṫe mar meaisín.

Na ḋiaiḋ sin a's uile b'é péire lár páirce Ó Cearḃáill agus Feiritéir a ḃuaiġ glan iomlán ar péire Fearmonaċ agus a ċoinniġ an liaṫróid go buan le tosaiṫe Tírċonaill b'aḃar don bua.

Scór ag leaṫ-ama: Tírċonaill 1-6, Fearmonaċ 0-1. Ag deire —Tírċonaill 4-7; Fearmonaċ 1-6.

Ba ċóir go mbainfeaḋ Tírċonaill Corn an Dr. Uí Lagáin.

doire abú

Ar ṁolaḋ Séamas Mac Ruaiḋrí, rinn Coṁairle Condae Ḋún na nGall coṁġáirdeas le mionúir Doire, as craoḃ ċluiċe na hÉireann a ḃaint.

bealaċ ċuig páirc peile

Ar ṁolaḋ ó Cormac Ó Breisleáin, T.D., ṡocraiġ Coṁairle Condae Ḋún na nGall Dé Luain deisiú a ḋéanaṁ ar an bealaċ ó Glaiseaċ síos go dtí páirc na peil, i Maċaire Gálainn.

Cluiċe Caillte ag Gaoṫ Doḃair

Tá Gaoṫ Doċair amaċ as an craoḃċluiċe agus is orṫa féin atá an loċt. Ceart go leor agus ceart a' ċoiċe ċuir siad suas cluiċe maiṫ, agus suas go dtí cúpla boṁéite ón ḋeireaḋ, ṫiocfaḋ leis an bua a ḃeiṫ le taoḃ ar biṫ. Ḃí Gaoṫ Doḃair ar tús cúpla uair. Ḃí an taoḃ teas den ċondae ar tús uaireannta eile, aċ d'ḟéadfaḋ aṫrú a ṫeaċt go tobann. Aċ san cúl deireanaċ a cuireaḋ isteaċ, d'ḟág sé séala na buaṫa ar Naoṁ Seosaṁ, agus ṁill sé seansanna Ġaot Doḃair.

Bá é an scór deireanaċ ná:

Naoṁ Seosaṁ 2-9.

Gaoṫ Doḃair 1-9.

Cluiċe fíor ṁaiṫ a ḃí ann ó tús go deireaḋ. Cluiċe peile de árd ċaiġdeán, cé go raiḃ sé beagán garḃ in amanna. Ḃain an luċt féaċana scot spéis agus spórt as. Ba ċrua gur teip ar D. Mac Giolla Ḃríde le penalty, nuair naċ raiḃ aċ cúl idir an dá foireann.

Ḃuaiġ Naoṁ Aḋaṁnán ar Conbaiġ an lá céanna, agus beiḋ siad ag imirt in éadan na nGleanntaí insan leaṫ-ċraoḃċluiċe eile seaċtain ón Doṁnaċ seo ċugainn.

Fine Gael i nGaillim

Ag cruinniú coiste ceantair Fine Gael i gCaṫair na Gaillime, cuireaḋ rún ċoṁġáirdeaċas i ḃfeiḋm le Liam Mac Cosgar ar an seasaṁ tírġráúil a ġlac sé gan capital polaitíoċta a ḋéanaṁ amaċ as géar-ṗráinn na tíre, mar a rinne Fianna Fáil nuair a ḃí an Rialtas Idir-Ṗáirtí i gcumaċt. Dúirt an Rúnaí, Tomás S. Garrett, F.C., in aineoin an feaċtas an ṁór a dein Fianna Fáil sa toġċán mór. gur ṁéadaiġ bóta Fine Gael, 31 p.c., os comair méadú de 27 p.c. i bóta Fianna Fáil agus titim 2 p.c. i bóta an Luċt Oibre.

Naoṁ Aḋaṁnain

Tá áḃar maiṫ peil i gColáiste Naoṁ Aḋaṁnain i mbliana. Ḃuaiġ siad go h-iontaċ éasca ar Naoṁ Pádraiġ i nDúngeanáin insan ċéad ċluiċe de Coláistí Ulaḋ. B'é an scór: Coláiste Naoṁ Aḋaṁnán 3-14, Naoṁ Pádraiġ, Dún Geannáin, 0-0.

Diúltú Ceart don Ġaeilge

An tEagarṫóir, "Amáraċ".

A ċara ċóir,

Fear cineálta agus cara dílis sea Dónal Mac Aṁlaiġ aċ b'ḟearr liom gan m'ainm a ḃeiṫ buailte aige nó is beag a ḃfuil déanta agam dáiríre. Ní ṫeastaíonn uaim dul i gcomórtas le éinne aċ dá ndéanfainn féin tá ḟios ag saol Fódla go mbéinn ṫar a ḃeiṫ ṫiar sa rás. Tá sé ró-éasca fuaṫ nó éad a ċoṫú nuair a luaitear ainmeaċa. B'ḟearr i gcónaí ainmeaċa a ċoinneáil siar, coṁ fada is atá sin indéanta, agus béim a ċur ar ġníoṁ. Sa ċaoi sin sílim gur fearr an seans ċun an ġluaiseaċt a aontú agus a neartú agus a taḃairt linne.

Diúltaíonn an Norwich Union deimhniú clóḃailte i nGaeilge, ar aon ġradam le ceann an Ḃéarlóra, a taḃairt do Ġaeilgeoirí a ḃfuil áraċas gluaisteáin ón gcoṁlaċt sin acu.

Is cuma sa riaċ leis an Norwich Union faoi áraċas gluaisteáin. Deir na coṁlaċtaí go gcailleann siad airgead ar a leiṫéid. Aċ is rí-spéis leo áraċais de ċineál eile — áraċas doiteáin agus a leiṫéid. D'ḟéadfaí litreaċa a ċur ċucu ċun sin a ċur in iúl. D'ḟéadfaí litreaċa a scríoḃ ċuig na Teaċtaí Dála, ag iarraiḋ orṫa an tAċt a leasú. Is féidir bua a ḟáil ar an Norwich aċ taḃairt faoi.

De réir an Aċta caiṫfiḋ na coṁlaċtaí deiṁniú i nGaeilge a ṫaḃairt don té a ḃfuil sin uaiḋ; aċ ní deireann an tAċt go gcaiṫfiḋ an deiṁniú sin a ḃeiṫ clóḃuailte agus ar aon ġradam le ceánn an Ḃéarlóra. Aċ d'ḟéadfaḋ na Teaċtaí sin a leiġeas gan mórán trioblóide.

B'ḟearr, sílim an tAċt a leasú sa ċaoi go mbeaḋ ar na coṁlaċtaí deiṁniú dá-ṫeangaċ a taḃairt do ċuile ḋuine (agus an Ġaeilge ar aon ċéim is gradam leis an mBéarla). Má iarrann a ḋóiṫin daoine sin ar ṫeaċtaí déanfaiḋ na teaċtaí dá réir toisc gur spéis leo bótaí.

Tá muid uiliġ tinn tuirseaċ den ṁana úd naċ ḃfuil aon gá le Gaeilge i saol na hÉireann; aċ tá fírinne ag baint leis. Níl spéis ag na coṁlaċtaí áraċais sa Ġaeilge ar an áḃar naċ mbaintear feiḋm as an teanga. Coṁ luaṫ is a ṫosós dream mór ar Ġaeilge a úsáid aṫróid na coṁlaċtaí a bport. Beiḋ luaċ ar Ġaeilge. Féaċfaiḋ siad ċuige go mbí Gaeilge ag a ḃfóirne. Sin is bunḃrí leis an ḃféaċtas atá ar siúl agam. Diúltaim Béarla a úsáid le luċt gnó nuair a íocaim as seirḃís. Agus ní haon ċaḃaim aonraic mé, aċ oiread. Tá ár líon ag dul i méid.

Má ḋéanann muintir na Gaeltaċta an fód a ṡeasaṁ sa ċaoi sin—gan ġéilleaḋ riaṁ don Ḃéarla éigeantaċ — beiḋ beart á ḋéanaṁ aici ar leas a páistí féin — ag méadú i gcónaí a ḃéas éileaṁ ar ḋaoine a ḃfuil an teanga ar a dtoil acu.

Tá buntáiste as cuimse mór ag muintir na Gaeltaċta, mar atá an teanga. Aċ gaċ uair a ġéilleann na daoine don Ḃéarla éigeantaċ tá siad ag loiceaḋ ní haṁáin ar an náisiún aċ ar a bpáistí féin. ag coinneáil oibre uaṫu in Éirinn, iad á mbrú ṫar farraige amaċ.

Níl sé éasca an fód a ṡeasaṁ. Níl sé éasca cur suas le maslaí. Aċ de réir a ċéile neartaítear ar an toil agus ar an misneaċ. Má ḋéanann muintir na Gaeltaċta cogaḋ a ċur as Béarla éigeantaċ ġeoḃaiḋ sí tacaíoċt iomlán ó mo leiṫéid i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ró-ḟada atá muid—Éireannaiġ Gaeltaċta is Galltaċta—ar ár gcosaint. Ionsaí atá de ḋíṫ anois.

Mise,

DEASÚN BREATNAĊ.

Páirc Leaca na Séiċe 10,
Dún Laoire,
Co. Ḃaile Áṫa Cliaṫ.

Molaḋ do Obair i gComair

Óráid Uí Ḟaċtna i dTuar Ṁic Éide

Is aoiḃinn liom é ḃeiṫ d'onóir agam ḃeiṫ anseo i nGaeltaċt Ṫuar Ṁic Éide inniu ċun na duaiseanna a ḃronnaḋ ag an Taispeántas seo. Ṡs sampla é an Taispeántas, dar liom, den ċoṁar agus den ċur-le-ċéile atá de ḋíṫ ar na ceantair Ġaeltaċta uile má táṫar ċun feaḃas mar ba ṁian linn a ċur ar ċúrsaí eacnamaíoċta san ceantair sin.

Taḃaċt na gCaorac

Tá ḟios againn uile an táḃaċt atá le tionscal na gcaoraċ ó ṫaoḃ eacnamaíoċt na tíre i gcoitinne agus an táḃaċt ar leiṫ atá leis na caoiriġ sléiḃe, go háiriṫe ó ṫaoḃ na Gaeltaċta. áiṫ a ḃfuil go leor talaṁ sléiḃe faoi mar atá ṫart ar Ṫuar Ṁic Éadaiġ anseo. Ċun go mbeiḋ an raṫ ar ṫionscal na gcaoraċ i gceantair dá leiṫéid seo ní mór dá rud a ḋéanaṁ — feaḃas ar feaḋ ár gcumais a ċur ar an talaṁ sléiḃe é féin agus an pór caoraċ is fearr a oireann den ċeantar a aimsiú. I dtaca le ceist feaḃsú na talún de, tá dá scéim á reaċtáil ag an Rialtas ċun na críċe sin. Is iad sin an Scéim Sconsaíoċta le haġaiḋ Féaraiġ Sléiċe agus an Scéim eile ċun beaṫú breise a ċaint as an ḃféaraċ sin. Ó ṫaoḃ na póraċ de tá Scéim na Reiṫí ann faoi mar is eol daoiḃ. Measaim gur leor na trí scéimeanna sin i dteannta a ċéile ċun tionscal na gcaoraċ a ċur ar a ḃonnaiḃ i nDúṫaiġ ar biṫ mar seo.

Suim an Ṗobal

Dá ḟeaḃas iad na scéimeanna sin a luaiġ mé, áfaċ, ní éireóiḋ leo an cuspóir atá rompu a ḃaint amaċ mura mbeiḋ suim ag an bpobal iontu agus mura mbainfiḋ siad feiḋm iomlán astu dá réir. Is léir gur ṫuig Cumann Ċaoiriġ Sléiḃe Ṫuar Ṁic Éadaiġ an méid sin go maiṫ agus gur ċuige sin a ḃíodar nuair a ṡocraíodar ceiṫre bliana ó ṡin tús a ċur leis na Taispeántais ḃliantúla seo. Is éaċtaċ mar a ċruṫaíodar i mbun na hoibre sin agus tá sé de ṡásaṁ acu anois go ḃfuil an Roinn Talṁaíoċta taréis aiṫeantas a ṫaḃairt dá gcuid saoṫair sa méid go nglactar leis an Taispeántas mar óċáid údaraiṫe ċun reiṫí a ṫogaḋ agus a ḋíol faoi scáṫ na Roinne. Ós rud é gur anseo i dTuar Ṁic Éadaiġ féin atá na reiṫí sin á dtógáil, tá gaċ dóċas againn naċ fada uainn an lá go mbeiḋ an pór caoraċ ar fáil is fearr a ḟeilfiḋ don ċeantar seo.

Treáslú

Tréaslaím don Ċumann a ḟeaḃas is a d'éiriġ leo agus molaim do ċumainn eile sa Ġaeltaċt staidéar a ḋéanaṁ ar an gcoṁoibriú atá ar siúl anseo ⁊ aiṫris a ḋéanaṁ air. Tá súil agam go leanfaiḋ an Cumann ⁊ pobal Ṫuar Ṁic Éadaiġ de ḃeiṫ ag obair i gcoṁar lena ċéile ar ṁaiṫe leis an leas a ṫiocfaiḋ as dóiḃ féin agus leis an deaṁpla atá á ṫaḃairt acu do ċáċ.